


# An leabhar Mór Buí- Ranganna na Naíonán



## Lá 1

### An tréimhse réamhéisteachta

- Taispeáin an clúdach do na páistí agus labhair faoin bpictiúr.
- *Cé hé seo? Taispeáin dom Páidín.*
- *Cén dath atá ar an gclúdach? An bhfuil dath gorm/dearg/bán air?*
- Spléachadh ar na pictiúir (Picture-flick) chun spéis na ndaltaí sa scéal a chothú agus chun foclóir a ullmhú roimhré. *Cad é sin? Sin spád. Sin buicéad...*

### An tréimhse éisteachta

- Léigh an scéal go nádúrtha ó thús go deireadh x2
- Tá sé tábhachtach go mbeadh na páistí páirteach i léamh an scéil. Iarr ar na páistí tuar a dhéanamh – cad a bheidh ag Páidín sa chéad leathanach eile? (cuimhne ón spléachadh ar na pictiúir).
- Léigh an scéal arís, an uair seo ag imirt, *“Feicim le mo shúilín beag rud éigin ag tosú le ...”* ar gach leathanach
- Léigh an scéal arís, an uair seo, ag imirt *“cén focal atá i bhfolach?”*, ar gach leathanach
- Léigh an scéal arís, an uair seo ag imirt *“fíor nó bréagach”* ar gach leathanach.

### An tréimhse iaréisteachta

- **Éist agus taispeáin**

*Taispeáin dom an buicéad buí/an spád bhuí/ an hata buí...*

- **Cluiche Kim** le nithe ón scéal

*Cad a thóg mé?*

## Lá 2

### An tréimhse réamhéisteachta

Dul siar ar fhoclóir an leabhair leis na frapaí agus na pictiúir.

*Cad é seo? /Éist agus taispeáin – taispeáin dom an spád bhuí.*

### An tréimhse éisteachta

- Athléamh an scéil ar luas nádúrtha.
- Fócas ar phictiúr nó dhó – *cad tá ag Páidín sa phictiúr seo? Tá ... ag Páidín.*
- Tuar – *cad a bheidh ag Páidín anois agus tú ag casadh an leathanaigh?*
- Athléamh an scéil ar luas nádúrtha – oral cloze – críochnaíonn na páistí na línte – Tá spád bhuí ag Páidín.

### An tréimhse iaréisteachta

- Cluiche teanga ciorclach. Suíonn na páistí i gciorcal. Taispeánann an múinteoir conas an pictiúr a thaispeáint agus “tá ... ag Páidín” á rá aige/aici. Cuirtear pictiúr amháin timpeall. Seinntear ceol ar dhlúthdhiosca, cuirtear an pictiúr timpeall ó pháiste go páiste; nuair a stopann an ceol caitheann an páiste a bhfuil an pictiúr aige/aici “tá ... ag Páidín” a rá. Athraítear na pictiúir agus imrítear an cluiche arís.

### Tascanna eile

- Cluiche ciorclach mar a bhí thuas. An babhta seo nuair a stopann an ceol roghnaíonn an páiste a bhfuil an pictiúr aige/aici (Fíona) duine eile sa rang ‘Seán’ caitheann Seán “tá ... ag Fíona” a rá
- Feicim le mo shúilín ghrinn rud buí seo seomra.
- Bingo le hearraí buí





